
# Ninjitsu

Sa rang staire inniu, chuamar chuig an **tSeapáin!**



Labhair Múinteoir Ray inniu faoi sheanscéal na **laochra Ninja.** Nuair a smaoinímid ar laochra Ninja, seans go mbímid ag smaoineamh ar an scannán Lego Ninjago nó na Teenage Mutant Ninja Turtles. Ach dá rachaimis siar **800 bliain ó shin chuig an tSeapáin,** bheadh muid in ann tuiscint cheart a fháil ar an laoch Ninja. Tugadh **Shinobi** ar an laoch Ninja chomh maith. Is é an **spiaireacht** an cuspóir is mó a bhí acu.Samhlaímid go raibh éadaí dubha ar laochra Ninja i gcónaí ach is minic gur chaith siad éadaí feirmeoirí nó manach. Ar mhaithe le hairgead a fháil a d'oibrigh laochra Ninja, ní ar mhaithe leis an onóir! Tá fianaise ann go bhfostaítí **laochra Samurai** chun na postanna sin a dhéanamh nár thaithin leis na laochra Ninja! Ní raibh an meas céanna ar laochra Ninja agus mar a bhí ar laochra Samurai toisc go mbídís ag éalú thart faoi rún in áit a bheith ag troid go hoscailte.

# Cleachtadh 1



PORTE-ÉTENDARD.
(D'après Hokkeï.)

**Duaithníocht!**

D'fhoghlaim muid inniu gurb iad na laochra Ninja máistrí na **bréagriochta agus na duaithníochta.** Is éard is duaithníocht ann ná ábhair agus dathanna a úsáid chun tú féin a chur i bhfolach i do thimpeallacht.

Ach bíonn ainmhithe i bhfad níos fearr ag an duaithníocht ná daoine. Féach an féidir leat na hainmhithe a aimsiú sna pictiúir thíos:

**A**



**B**



# Activity 1

**Camouflage test!**

**C**



**D**



**E**




# Cleachtadh 2

## Dathú Éisc Koi

Tá an-tóir ar éisc Koi sa tSeapáin agus coimeádtar iad i go leor locháin. Déantar céiliúradh ar áilleacht agus ar dhathanna na n-iasc agus uaireanta deirtear gur “seoda beo” iad.

Is minic a léirítear éisc Koi in ealaín na Seapáine.




Bíonn comórtais ann chomh le féachaint cé a bhfuil an t-iasc Koi is áille aige. Is féidir roinnt iasc Koi a dhíol ar na mílte euro.

Dathaigh isteach na héisc Koi atá thíos le píosa ealaíne a dhéanamh atá spreagtha ag an tSeapáin!

# Cleachtadh 2

**Dathú Éisc Koi**




# Freagraí

**Duaithníocht!**


**A** Laghairt ghlas i Srí Lanca



**B** Ulscréachóg i Florida, SAM



**C** Leamhan Quaker



# Freagraí

**Duaithníocht!**

**D** Frog crainn



**E** Duillíneach

